# Clár Oibre le haghaidh Éisteacht ó Bhéal
ABP-321417-24

| | |
|---|---|
| **Cás** | Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Chontae Cheatharlach Uimh. 1 de 2024 do Scéim Chora Bhaile Beag na Leamhach ar an N80 i mbaile fearainn Ghráig na Spideog chuig baile fearainn Bhaile an Chaisleáin, a thrasnóidh bailte fearainn Bhaile Beag na Leamhach, Chill Bhealach Aoidh agus Choill Chúil, Contae Cheatharlach. |
| **Dáta** | Déardaoin, an 11 Meán Fómhair 2025 |
| **Am Tosaithe** | 10.00am |
| **Láthair** | Ar líne – MS Teams |

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do na páirtithe uile, ar mian leo déanamh amhlaidh, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheisteanna iomchuí a bheidh tagtha chun cinn agus ar aon agóidí a bheidh déanta. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur agus soiléiriú a lorg ar na haighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht freisin.

Níl aon oibleagáid ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh chuig an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí scríofa uile a bheidh faighte cheana féin. Ar an gcúis sin, ní gá aon aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a dhéanamh arís ag an éisteacht ó bhéal.

Iarrtar ar na páirtithe uile aird a bheith acu ar chineál an iarratais seo agus a chinntiú go mbeidh láithreoireachtaí agus ceisteanna iomchuí do chineál an cháis seo. Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná aon dlínse ag an gCoimisiún maidir le

cinneadh nó measúnú a dhéanamh ar chúiteamh, agus ba cheart an méid sin a chur san áireamh in aon aighneacht a dhéanfar chuig an éisteacht seo, toisc nach n-éascófar aon díospóireacht ar bith maidir le cúiteamh.

Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Choimisiún. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh chun toiliú leis an bhFáil Éigeantach a dheonú nó a dhiúltú.

Féadfaidh an Coimisiún a ordú go ndéanfaí ranníocaíocht i leith na gcostas a bheidh ag baint le haon duine a bheith ag láithriú ag éisteacht ó bhéal, ar costais iad a bheidh tabhaithe ag an duine sin mar thoradh ar láithriú ag an éisteacht. Is faoi rogha an Choimisiúin a bheidh aon íocaíocht. Ba cheart aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoimisiún laistigh de thrí seachtaine ó dháta na héisteachta seo.

Má tá sé beartaithe agat cóip scríofa de d'aighneacht a sholáthar nó áiseanna amhairc a úsáid agus tú ag labhairt (láithreoireachtaí, léarscáileanna, grianghraif, etc.), ba cheart iad sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhformáid dhigiteach **trí lá oibre ar a laghad sula** nglacfaidh tú páirt san éisteacht (agus coinneofar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta ó bhéal).

Is é soláthraí seirbhíse a n-eagróidh an Coimisiún é a thaifeadfaidh na haighneachtaí a chuirfear i láthair ag an éisteacht ó bhéal seo. Ní ceadmhach duit imeachtaí na héisteachta ó bhéal a thaifeadadh.

Tá an clár oibre, an t-ord láithrithe agus an t-amchlár don éisteacht ó bhéal leagtha amach thíos. Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara gur amchlár táscach é an t-amchlár seo agus gur féidir go dtiocfaidh athruithe air le linn na héisteachta ó bhéal. Eiseoidh an Coimisiún Pleanála 'iarraidh ar dhul isteach sa chruinniú' don imeacht fíorúil seo ar Microsoft Teams roimh dháta na héisteachta ó bhéal.

| CLÁR OIBRE | |
|---|---|
| **Am** | **Topaic** |
| **10.00** | Oscailt na hÉisteachta ag an gCigire |
| **10.10** | Aighneacht ó Chomhairle Contae Cheatharlach:<br>i. Forbhreathnú achomair ar an iarratas ar Fháil Éigeantach.<br>ii. An t-údar le Scéim Chora Bhaile Beag na Leamhach ar an N80, agus tagairt á déanamh do na roghanna eile a breithníodh.<br>iii. An freagra ar na haighneachtaí scríofa a rinne na hAgóideoirí.<br>[thart ar 50 Nóiméad] |
| **11.00** | Cur i láthair an cháis ag Agóideoirí, ina dtabharfar tuilleadh mionsonraí faoi na haighneachtaí scríofa;<br>1. **Nigel Glynn, ag déanamh ionadaíocht do Albert, Alan agus Eastát David Glynn, Ann Glynn anois (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh 109)** (thart ar 15 Nóiméad)<br>• An freagra ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceisteanna idir na Páirtithe (más gá);<br>i. Ceisteanna ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar Agóideoirí<br>ii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Contae Cheatharlach<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Contae Cheatharlach agus/nó ar Agóideoirí<br>(thart ar 10 Nóiméad) |
| **11.25** | 2. **Brian Murphy agus Seamus Mac Gearailt, ag déanamh ionadaíocht do Donal Murphy (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh 127)** (thart ar 15 Nóiméad) |

| | |
|---|---|
| | - An freagra ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceisteanna idir na Páirtithe (más gá);<br>i. Ceisteanna ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar Agóideoirí<br>ii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Contae Cheatharlach<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Contae Cheatharlach agus/nó ar Agóideoirí<br>(thart ar 10 Nóiméad) |
| **11.50** | 3. **David Nolan nó Derek Nolan thar ceann Tom Nolan, Deirdre Nolan, David Nolan (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh 113), Derek Nolan, Thomas Nolan agus Mary Nolan (Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh 112 & 139)** (thart ar 15 Nóiméad)<br>- An freagra ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceisteanna idir na Páirtithe (más gá);<br>i. Ceisteanna ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar Agóideoirí<br>ii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Contae Cheatharlach<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Contae Cheatharlach agus/nó ar Agóideoirí<br>(thart ar 10 Nóiméad) |
| **12.15** | Sos (15 Nóiméad) |
| **12.30** | 4. **Tom Corr agus Jennifer Ryan thar ceann Ionadaithe Dlíthiúla Alan Shirley nach Maireann (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh 123)** (thart ar 15 Nóiméad)<br>- An freagra ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceisteanna idir na Páirtithe (más gá); |

| | |
|---|---|
| | i. Ceisteanna ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar Agóideoirí<br>ii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Contae Cheatharlach<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Contae Cheatharlach agus/nó ar Agóideoirí<br>(thart ar 10 Nóiméad) |
| **12.55** | 5. **Matthew Kennedy agus Daoine Eile, lena n-áirítear Cleo Kennedy** (thart ar 15 Nóiméad)<br>• An freagra ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceisteanna idir na Páirtithe (más gá);<br>i. Ceisteanna ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar Agóideoirí<br>ii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Contae Cheatharlach<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Contae Cheatharlach agus/nó ar Agóideoirí<br>(thart ar 10 Nóiméad) |
| **13.20** | 6. **Seamus Mac Gearailt, ag déanamh ionadaíocht do John Shirley agus David Shirley (Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh 122 & 135 & 138)** (thart ar 15 Nóiméad)<br>• An freagra ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus Ceisteanna idir na Páirtithe (más gá);<br>i. Ceisteanna ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar Agóideoirí<br>ii. Ceisteanna ó Agóideoirí ar Chomhairle Contae Cheatharlach<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Contae Cheatharlach agus/nó ar Agóideoirí |

| | |
|---|---|
| | (thart ar 10 Nóiméad) |
| **13.45** | Barúlacha Deiridh (más gá):<br>i. Agóideoirí<br>ii. Comhairle Contae Cheatharlach<br>[5 nóiméad ar a mhéad in aghaidh an pháirtí, agus ní ceadmhach aon saincheisteanna nua ná aon ábhar nua a chur in iúl]<br>(thart ar 35 Nóiméad) |
| **14.20** | Dúnadh na hÉisteachta ó Bhéal ag an gCigire<br>(thart ar 5 Nóiméad) |

**Nótaí:**

Tá cóip de na rialacha le haghaidh páirt a ghlacadh san éisteacht ó bhéal ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.pleanala.ie